

Tírdhreacha in Ealaín na hÉireann

Acmhainn do Bhunscoileanna

Sinéad Hall

nationalgallery.ie/schools



NATIONAL
GALLERY of
IRELAND

GAILEARAÍ
NÁISIÚNTA
hÉIREANN

Réamhrá

Ba thaispeántas a bhí i *Shaping Ireland: Landscapes in Irish Art* (13 Aibreán – 7 Iúil 2019) a rinne an caidreamh idir daoine agus an domhan nádúrtha a iniúchadh. Bhí saothar de chuid caoga ealaíontóir ar taispeáint. Clúdaíodh tréimhse 250 bliain sa taispeántas agus léiríodh radhairc agus timpeallachtaí ó gach cearn d'oileán na hÉireann. Is spreagadh den scoth atá sa saothar saibhir, stairiúil, comhaimseartha seo i gcomhair pleananna ranga cruthaitheacha traschuraclaim a leagan amach. Is í an múinteoir, Sinéad Hall, údar na hacmhainne seo.

Cuireadh an acmhainn seo le chéile mar áis sa seomra ranga. Tógtar príomhshaothair an taispeántais mar phointe tosaigh i gcomhair ceardlanna samhlaíocha, ag cruthú naisc leis an Tíreolaíocht, Stair, Eolaíocht, Ealaín agus Béarla. Tá ceisteanna - Breathnaigh agus Freagair - i dteannta gach saothar ealaíne, le bheith mar chuidiú sna ceachtanna éagsúla. Cuireann seo ar chumas na mac léinn litearthacht amhairc agus saothar ealaíne a mheas ar bhealach criticiúil. Déantar gach cineál téama agus timpeallachta ó Phortaigh go Scéim Hidrileictreach na Sionainne a iniúchadh sna ceachtanna. Tá gníomhaíochtaí san áireamh i ngach ceacht, ar nós, ag fás plandaí as síolta, scríobh faoi “Lá i saol duine” a mhair i gCaisleán Normannach, agus mionsamhail lánléargais (diorama) a thógáil. Luaitear a lán gníomhaíochtaí breise agus acmhainní ar líne agus léiríonn an paca seo conas is féidir le healaín agus cruthaitheacht a bheith mar pháirt den churaclam bunscoile.

Ba mhaith linn go mbainfí úsáid as an acmhainn seo i seomraí ranga ar fud na tíre; go mbainfí tairbhe as an taispeántais go forleathan, lasmuigh den Ghailearaí féin, agus go leanfadh an taispeántas ag spreagadh múinteoirí agus mac léinn i ndiaidh an taispeántais a bheith thart.

Tá na téamaí a ndéantar iniúchadh orthu tráthúil, ábhartha agus nasctha le chéile agus cuirfidh siad ar chumas na mac léinn tuiscint níos doimhne a bheith acu ar thírdhreacha na hÉireann san am atá caite, san am i láthair agus sa todhchaí.

Catherine O'Donnell

Oifigeach Oideachais: Múinteoirí, Scoileanna & an Óige

Maidir leis an údar

Is pianódóir a fuair oiliúint chlasaiceach í Sinéad Hall BA, PGD ED, CRS, MA ED. Is teagascóir diongbháilte í atá ag múineadh ranganna i Meiriceá agus in Éirinn le fiche bliain nach mór. Bhain Sinéad céimeanna amach sa Cheol, Forbairt Dhaonna, Gaeilge, Iarchéim san Oideachas agus Céim Mháistreacht sa Cheannaireacht agus sa Bhainistíocht.

Tá sí ag teagasc Amharcealaíona don 5ú rang i Scoil Náisiúnta Ráth Tó. Tá sí mar Stiúrthóir Taighde don Mháistreacht Ghairmiúil san Oideachas sa Bhunmhúinteoireacht, le Coláiste Hibernia.

Is breá léi bheith ag seinnt an phianó, ealaín, spóirt uisce, a beirt pháistí, a madraí Sneabhsar, caife den scoth agus an ceol. Tá Sinéad gníomhach sa phobal agus bíonn sí ag plé leis na gasóga, ag teagasc ina club ealaíne agus ag surfáil nuair a bhíonn am saor aici.





Paul Henry (1876–1958), *The Bog Cutting*, 1918

Bailiúchán Antoinette agus Patrick Murphy

© The Estate of Paul Henry / IVARO, Baile Átha Cliath, 2019.

Grianghraf © Gailearaí Náisiúnta na hÉireann.

Grianghrafadóir: James Fennell

Amelia Stein (r. 1958), *Hand Cut Bog*, 2010

© Amelia Stein, RHA



Breathnaigh & Freagair

- \ Cén cineál ealaíne í seo? Pictiúr péinteáilte/grianghraf?
- \ Céard a fheiceann tú?
- \ Céard as a bhfuil an pictiúr seo déanta, dar leat?
- \ An amharcann sé cosúil le háit ina raibh tú roimhe seo? Cén áit?
- \ Céard iad na príomhdhathanna a fheiceann tú?
- \ Cá bhfuil an áit seo, dar leat?
- \ An insíonn an pictiúr seo scéal ar bith?
- \ Cé air a raibh an t-ealaíontóir ag smaoineamh nuair a chruthaigh sé an saothar ealaíne seo, dar leat?
- \ Cén téama atá sa saothar ealaíne seo, dar leat?
- \ Cén t-am den lá nó den bhliain atá ann? Conas a tá fhios agat?
- \ Céard iad na mionsonraí a fheiceann tú sa phictiúr?
- \ Cén sórt línte agus cruthanna a fheiceann tú?
- \ Cén fáth, dar leat, gur phéinteáil an t-ealaíontóir an radharc áirithe seo?
- \ An síleann tú gur áit dheas é le cuairt a thabhairt air? Cén fáth?

Plean Ceachta: Portaigh

Tíreolaíocht: 1ú - 6ú Rang

Snáithe: Timpeallacht Nádúrttha

Snáithaonad: An Timpeallacht Nádúrtha Áitiúil

Cuspóirí Foghlama

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste:

- \\ breathnú agus freagairt do dhá shaothar ealaíne
- \\ fiosrú agus foghlaim faoi phríomhghnéithe nádúrtha na gceantar portaigh
- \\ cineálacha éagsúla portach a aithint
- \\ tuiscint a fhorbairt ar éiceachóras portaigh (plandaí agus ainmhithe)
- \\ a bheith feasach ar na bealaí a ndearna daoine, ainmhithe agus plandaí na gnéithe seo a shaothrú nó/agus a athrú

Acmhanní de dhíth

- \\ Páipéar
- \\ Pinn luaidhe
- \\ Dathanna

Réamhrá

- \\ Cruthaigh mapa coincheap bunaithe ar eolas na bpáistí ar cheantair portaigh
- \\ Úsáid na ceisteanna atá anseo chun breathnú agus freagairt do na saothair

Príomhghníomhaíocht

- \\ Déan fiosrúchán agus taighde faoi phortaigh in Éirinn (www.ipcc.ie)
- \\ Lón isteach an mapa coincheap de réir mar a aimsíonn na páistí eolas breise
- \\ Ag obair i mbeirteanna, dear bróisiúr i gcomhair cuairteoirí ar mian leo cuairt a thabhairt ar phortach in Éirinn

Conclúid & Measúnú

- \\ Críochnaigh an mapa coincheap
 - \\ Cuir do Bhróisiúr Portaigh i láthair an ranga agus cuir ina luí orthu cuairt a thabhairt ar do phortach
 - \\ Bróisiúr a chur ar taispeáint
- Breathnóireacht neamhfhoirmeálta an mhúinteora roimh, le linn agus i ndiaidh na gníomhaíochta, ag díriú ar:
- \\ Freagraí ar cheisteanna a chuir an múinteoir faoin spreagadh
 - \\ Cur i gcrích na gníomhaíochta
 - \\ Muinín i gcur i láthair a mbróisiúir os comhair an ranga
- Bróisiúr na bpáistí a chur ar taispeáint

Gníomhaíochtaí Breise

- \\ **Stair:** Stair bhaint móna in Éirinn
Faigh níos mó eolais faoi dhéantúsáin a aimsíodh i bportaigh
- \\ **Lítearthacht:** Léigh an dán 'Bogland' le Seamus Heaney
Déan pointí argóna ar son agus in aghaidh bhaint móna (www.livescience.com)
- \\ **Ealaín:** Breathnaigh agus freagair do dhealbhóireacht giúise ag www.irishbogwoodsculptures.com
- \\ **Eolaíocht:** Tarraing biashlabhra portaigh, cruthaigh comhaid fíricí d'ainmhithe/plandaí a aimsítear i bportach
Cruthaigh nó tarraing gréasán gnáthóige chun na hainmhithe agus na plandaí in éiceachóras portaigh a thaispeáint
Déan portach i mbuidéal (www.ipcc.ie)
- \\ **Tíreolaíocht:** Bain úsáid as dhá dhath ar léarscáil na hÉireann chun portaigh ardaithe agus bratphortaigh a thaispeáint

Acmhainní ar Líne

- \\ Comhairle Caomhnaithe Phortaigh na hÉireann, Acmhainní – Portaigh sa Seomra Ranga: <http://www.ipcc.ie/discover-and-learn/resources/>
- \\ Físeáin agus pleananna ceachta, ag teagasc faoin mBoirinn, Co. an Chláir, Geopháirc Dhomhanda EOECA (UNESCO)
<https://www.scoilnet.ie/learning-path/ref/4632/>
- \\ Ceachtanna do Pháistí ar Thíreolaíocht na hÉireann
<https://study.com/academy/lesson/irish-geography-lesson-for-kids.html>
- \\ Turf Wars: Éireannaigh ag troid i gcoinne an chosc ar Bhaint Móna
<https://www.livescience.com/38498-ban-on-turf-cutting-peat.html>
- \\ Eolas maidir le portaigh Uíbh Fhailí
<http://www.askaboutireland.ie/learning-zone/primary-students/looking-at-places/offaly/aspects-of-offaly/boglands/>
- \\ Bord na Móna, stair thionscail na móna
<https://www.bordnamonalivinghistory.ie/>
- \\ Athchóiriú na mbratphortach in Éirinn: <http://www.irishbogrestorationproject.ie/>



Breathnaigh & Freagair

- \ Céard atá sa phictiúr seo, dar leat?
- \ An amharcann sé cosúil le háit ina raibh tú cheana? Cén áit?
- \ Cá bhfuil an caisleán seo, dar leat? Cén fáth?
- \ Cén sórt lá atá ann?
- \ Céard iad na dathanna a fheiceann tú?
- \ Cé a chónaigh anseo, dar leat?
- \ Cén fáth ar theastaigh ó dhaoine cónaí i gcaisleáin, dar leat?
- \ Céard as a bhfuil an caisleán déanta, dar leat?
- \ An raibh díon ar an gcaisleán seo?
- \ Céard a tharla don chaisleán seo, dar leat? Cén fáth?
- \ Céard iad na difríochtaí idir an caisleán seo agus do theach?
- \ Cé acu arbh fhearr leat a bheith i do chónaí ann?
- \ Céard iad na comharthaí a d'fhéadfadh aois an chaisleáin a léiriú?
- \ Ar mhaith leat cuairt a thabhairt ar an gcaisleán seo? Cén fáth?

Mairead O'hEocha (r. 1962), Fothracha Caisleáin ag Cluain Mhic Nóis, 2011

Bailiúchán Príobháideach, Baile Átha Cliath, le caoinchead an ealaíontóra agus Mother's Tankstation, Baile Átha Cliath | Londain

Plean Ceachta: Tithe & Tithíocht

Stair: 1ú – 6ú Rang

Snáithe: Leanúnachas agus Athrú le hImeacht Aimsire, Staidéar

Áitiúil

Snáithaonad: Tithe agus Tithíocht, Foirgnimh, Láithreáin nó Fothracha i mo cheantar

Cuspóirí Foghlama

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste:

- \\ breathnú agus freagairt don saothar péinteála roghnaithe
- \\ foirgnimh ársa, láithreáin stairiúla agus fothracha a iniúchadh
- \\ míreanna leanúnachais agus athruithe i ndáil le forbairt tithe agus tithíochta in Éirinn a aithint
- \\ cineálacha éagsúla tithe a bhí in Éirinn ag tréimhsí ama difriúla a aithint

Acmhainní de dhíth

- \\ Páipéar
- \\ Pinn luaidhe
- \\ Dathanna

Réamhrá

- \\ Lón isteach cairt KWL bunaithe ar an eolas atá ag na páistí faoi thithe san am atá caite
- \\ Reachtáil seisiún tobsmaointeoireachta bunaithe ar na cineálacha foirgnimh atá ar eolas ag na páistí
- \\ Breathnaigh agus Freagair don phictiúr péinteáilte atá luaite, Fothrach Caisleáin
- \\ Déan comparáid agus codarsnacht idir an teach sa phictiúr agus tithe an lae inniu

Príomhghníomhaíocht

- \\ Déan taighde ar thithe agus lonnaíochtaí san am atá caite – Caisleán Normannach c. 1200
- \\ Déan comparáid agus codarsnacht idir an saol i dteach mar seo agus an saol i do theach
- \\ Scríobh faoi lá i saol duine a bhí ina chónaí sa teach seo – conas a bhí an saol an t-am sin?
- \\ Fairsingiú – dear do chaisleán/do theachín féin

Conclúid & Measúnú

- \\ Léifidh na páistí amach a n-aiste 'lá i saol duine' don rang
 - \\ Téigh ar ais chuig an gcairt KWL agus lón isteach an méid atá foghlamtha ag na páistí faoi thithe san am atá caite
- Breathnóireacht neamhfhoirmeálta an mhúinteora roimh, le linn agus i ndiaidh na gníomhaíochta, ag díriú ar:
- \\ Freagraí ar cheisteanna a chuir an múinteoir faoin spreagadh
 - \\ Cur i gcrích na gníomhaíochta
 - \\ Muinín in úsáid smaointe pearsanta
 - \\ Ag cur síos ar a gcuid oibre féin
 - \\ Obair na bpáistí a chur ar taispeáint
 - \\ Bróisiúir na bpáistí a chur ar taispeáint

Gníomhaíochtaí Breise

- \\ **Stair:** Déan taighde ar an saol in Éirinn i ré na Normannach
- \\ **Ealaín:** Déan samhail de chaisleán ag baint úsáid as cárta
- \\ **Tíreolaíocht:** Faigh amach cén áit in Éirinn ina bhfuil Cluain Mhic Nóis Breac isteach na príomhchaisleáin in Éirinn ar léarscáil
- \\ **Eolaíocht:** Bunábhair a úsáideadh chun tithe a thógáil
- \\ **Béarla:** Scríobh 10 gceist do thráth na gceisteanna faoi Chaisleáin in Éirinn
- \\ **Uimhearthacht:** Ríomh cé chomh fada ó shin ó tógadh an caisleán seo

Acmhainní ar líne

- \\ Caisleán Chluain Mhic Nóis
<http://www.megalithicireland.com/Clonmacnoise%20Castle.html>
- \\ Zón foghlama ask About Ireland Learning
<http://www.askaboutireland.ie/learning-zone/>
- \\ Turasóireacht Éireann, Áiteanna in Éirinn a bhfuil tarraingt mhór ag turasóirí orthu
<https://www.irishtourism.com/must-see-attractions-in-ireland>



Breathnaigh & Freagair

- \ Céard atá ag tarlú sa saothar ealaíne seo?
- \ Céard a fheiceann tú?
- \ Céard atá siad ag déanamh, dar leat?
- \ An bhfeiceann tú ainmhí? Céard atá ar siúl aige, dar leat?
- \ Cén sórt lá atá ann, dar leat?
- \ Cén t-am den bhliain atá ann, dar leat? Cén fáth?
- \ Céard iad na dathanna a mbaineann an t-ealaíontóir úsáid astu chun an t-am den bhliain a chur in iúl?
- \ Cén fáth ar phéinteáil an t-ealaíontóir an radharc áirithe seo, dar leat?
- \ Céard iad na mionsonraí a fheiceann tú sa phictiúr?
- \ An amharcann sé cosúil le háit an raibh tú ann cheana? Cén áit?
- \ An síleann tú gur áit dheas é le cuairt a thabhairt air? Cén fáth?
- \ An insíonn sé scéal ar bith duit?
- \ An bhfuil aon bhaint ag an saothar ealaíne seo le haon rud eile? i.e. áit a raibh tú cheana.
- \ An dtugann an saothar ealaíne rud éigin a tharla duit chun cuimhne?
- \ Cén teideal/ainm a thabharfá ar an saothar ealaíne seo? Cén fáth?



Derek Hill (1916–2000), Paddy Óg Ploughing, 1960

© The Estate of Derek Hill

Plean Ceachta: Plandaí

Eolaíocht: Naíonáin Shóisearacha – 5ú Rang

Snáithe: Nithe Beo

Snáithaonad: Plandaí agus Ainmhithe

Cuspóirí Foghlama

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste:

- \\ breathnú agus freagairt do shaothar ealaíne
- \\ breathnú ar phlandaí a fhásann i ngnáthóga áitiúla agus iad a aithint agus a scrúdú
- \\ na tosca éagsúla a mbíonn tionchar acu ar fhás plandaí a fhiosrú
- \\ a phlanda féin a chur ag fás
- \\ breathnú ar an bplanda ag fás agus dul chun cinn an fháis a mheas
- \\ an planda a bhaint agus a ithe

Acmhainní de dhíth

- \\ Síolta
- \\ Potaí
- \\ Múirín
- \\ Uisce
- \\ Bileoga oibre nó cóipleabhair

Réamhrá

- \\ Breathnaigh agus freagair don phictiúr agg baint úsáide as na ceisteanna atá ina theannta
- \\ Pléigh na cineálacha plandaí a d'fhéadfadh Paddy Óg a chur ina pháirc agus an chúis go bhfuil gá le plandaí a fhás
- \\ Déan plé agus reáchtáil seisiún tobsmaointeoireachta leis na páistí faoin eolas atá acu ar phlandaí agus na plandaí ar gá dóibh a chur
- \\ Pléigh na céimeanna éagsúla a ghlacfaidh na páistí chun a gcuid plandaí féin a chur

Príomhghníomhaíocht

Treoracha Síolchur:

- \\ Cuir dornán múirín isteach i do phota
- \\ Buail an pota ar an mbord cúpla babhta ionas go mbeidh an múirín ina luí deas cothrom
- \\ Croith na síolta biolair isteach sa mhúirín nó déan poll sa mhúirín i gcomhair síol trátaí nó piseanna agus clúdaigh iad
- \\ Cuir uisce orthu agus fág an pota ar leac fuinneoige istigh sa teach, in áit éigin a mbeidh an ghrian ag soilsiú air
- \\ Breathnaigh ar do phota gach lá le cinntiú go bhfuil an múirín tais
- \\ Mura bhfuil, cuir uisce air (bí cinnte nach gcuireann tú iomarca uisce air nó d'fhéadfadh na síolta lobhadh)

Conclúid & Measúnú

- \\ Déan nóta/taifead de na céimeanna a glacadh chun a bplanda a chur
 - \\ Pléigh leis an rang an dóigh le haire a thabhairt dá bplanda (breathnú air gach uile lá agus uisce a chur air nuair a bhíonn an ithir tirim)
 - \\ Is féidir leis na páistí pictiúr a tharraingt den phlanda mar a shamhlaíonn siad é mar phlanda fásta
 - \\ Cruthaigh / tosaigh leathán taifid chun dul chun cinn fáis a bplanda a thaifead
 - \\ Chun an biolar a bhaint - gearr trí na gais le siosúr nuair a bheidh siad 5cm ar airde. Bíonn biolar an-bhlasta i gceapaire uibhe nó i sailéad.
 - \\ Chun na trátaí a bhaint – bain iad nuair a bhíonn siad dearg
 - \\ Chun piseanna a bhaint – beidh siad réidh i gceann 3 mhí, bain den phéacán iad
- Breathnóireacht neamhfhoirmeálta an mhúinteora roimh, le linn agus i ndiaidh na gníomhaíochta, ag díriú ar:
- \\ Freagraí ar cheisteanna a chuir an múinteoir faoin spreagadh
 - \\ Cuir i gcrích na gníomhaíochta
 - \\ Ag cur sios ar phlandáil na síolta

Gníomhaíochtaí Breise

- \\ **Ealaín:** Cuimealtáin duileoige, bláthanna oragámaí, líníochtaí d'ábhar neamhbheo
- \\ **Stair:** Stair na talmhaíochta agus feirmeoireachta in Éirinn
- \\ **Ceol:** Pléigh an inspioráid a spreag bláthanna sa cheol – ‘Edelweiss’ agus ‘Waltz of the Flowers’
- \\ **OSPS:** Feirmeoireacht i dtíortha i mbéal forbartha – Cúnamh Éireann
- \\ **Tíreolaíocht:** Feirmeoireacht in aeráidí éagsúla – gaineamhlach srl. Plandaí ó áiteanna ar fud an domhain
- \\ **Eolaíocht:** Athrú aeráide agus an tionchar atá aige ar fheirmeoireacht agus an timpeallacht
- \\ Pirimid an Bhia, bianna sláintiúla
- \\ **Béarla:** Paddy Óg – lá ina shaol a day
- \\ **Matamaitic:** Tomhais – méid an phlanda a mheas agus a bplanda a thomhais le linn na tréimhse fáis

Acmhainní ar líne

- \\ AgriKids acmhainní i leith sábháilteacht feirme: <http://www.agrikids.ie/learn-more.php>
- \\ The Innocent Big Grow: <https://innocentbiggrow.com/>
- \\ Paca Acmhainní Múinteora The Innocent Big Grow <https://innocentbiggrow.com/public/dist/docs/teachers-resource-pack.pdf>
- \\ Síolta (The Garden Shop seeds): <https://www.thegardenshop.ie/seeds/flowers/seeds-2/>
- \\ Ask About Ireland, Acmhainní Bia agus Feirmeoireachta <http://askaboutireland.ie/learning-zone/primary-students/3rd+-4thclass/geography/food-and-farming/>
- \\ Cúnamh Éireann Irish Aid, 5ú agus 6ú Rang Ceachtanna Timpeallachta <https://www.irishaid.ie/teaching-and-learning/primary/primary-resources/primarylessonplan/5th-and-6th-class-environment-lessons/>



Breathnaigh & Freagair

- \ Céard a thaispeánann an pictiúr seo? /Céard a fheiceann tú?
- \ Cá bhfuil sé seo, dar leat/cén tír? Cén fáth go gceapann tú é seo?
- \ An bhfuil foirgnimh sa phictiúr? Cén sórt foirgnimh iad?
- \ Cathain a péinteáladh an pictiúr, dar leat? An bhfuil aon leideanna a chuireann seo in iúl duit?
- \ Céard iad na dathanna a roghnaigh an t-ealaíontóir? Cén fáth ar roghnaigh sé iad seo, dar leat?
- \ Cén t-am den lá nó den bhliain a bhí ann? Cén chaoi a bhfuil fhios agat?
- \ Cén sort línte agus cruthanna a fheiceann tú?
- \ Cén fáth gur phéinteáil an t-ealaíontóir an radharc áirithe seo, dar leat?
- \ Céard iad na mionsonraí a fheiceann tú sa phictiúr?
- \ An amharcann an áit seo cosúil le háit ina raibh tú cheana? Cén áit?
- \ An síleann tú gur áit dheas é le cuairt a thabhairt air? Cén fáth?
- \ Céard iad na bunábhair a mbainfidh tú úsáid astu i do chuid oibre?

Paul Henry (1876-1958), A Connemara Village, 1930-33

© The Estate of Paul Henry/IVARO, Baile Átha Cliath 2019

Plean Ceachta: Nádúr

Ealaín: 1ú – 6ú Rang

Snáithe: Ag déanamh Ealaíne

Snáithaonad: Tógáil

Cuspóirí Foghlama

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste:

- \ breathnú agus freagairt don saothar ealaíne
- \ dath, uigeacht agus ábhar pictiúr péinteáilte a aithint agus a phlé
- \ mionsamhail lánleargais (diorama) a dhéanamh ag freagairt don phictiúr
- \ an mhionsamail a mheas agus a phlé

Acmhainní de dhíth

- \ Boscaí cairtchláir
- \ Bunábhair
- \ Gliú
- \ Páipéar
- \ Cáta
- \ Olann chadáis agus líonach piliúir
- \ Feilt
- \ Páipéar síprise
- \ Cipíní nó soip
- \ Gaineamh
- \ Is féidir leis na páistí earraí eile a thabhairt isteach

Réamhrá

- \ Bain úsáid as na ceistanna atá ina theannta chun breathnú agus freagairt don phictiúr
- \ Plé an chaoi a gcruthóidh na páistí mionsamhail lánleargais (diorama)
- \ Fiosraigh céard iad na bunábhair a theastóidh uathu
- \ Pléigh smaointe éagsúla chun sléibhte, scamail, lochanna, teachíní srl. a dhéanamh

Príomhghníomhaíocht

- \ Tabhair uirlisí agus bunábhair thógála do na páistí
- \ Tabhair páipéir éagsúla líníochta don rang
- \ Cruthóidh gach páiste ar leith a mhionsamhail léargais (diorama) féin i mbosca bróg nó bosca éigin mar sin
- \ Spreag na daltaí chun mionsonraí, dathanna agus maisiúcháin a chur san áireamh

Conclúid & Measúnú

- \ Cuirfidh na páistí a gcuid oibre ar taispeáint
 - \ Breathnú agus plé ar a gcuid oibre
 - \ Cathaoir an ealaíontóra
- Breathnóireacht neamhfhoirmeálta an mhúinteora roimh, le linn agus i ndiaidh na gníomhaíochta, ag díriú ar:
- \ Freagraí ar na ceistanna a chuir an múinteoir faoin spreagadh
 - \ Plé ar dhul chun cinn na hoibre ag baint úsáid as ceistanna éagsúla a bheadh oiriúnach do gach iarracht ar leith
 - \ Cur i gcrích mhionsamhail lánleargais (diorama)
 - \ An páiste ag cur síos ar an gcaoi ar chruthaigh sé a shaothar féin
 - \ Saothar na bpáistí a chur ar taispeáint

Gníomhaíochtaí Breise

- \ **Béarla:** Scríobh dán faoin radharc
- \ **Stair:** Tithe a bhí ann san am atá thart
- \ **Tíreolaíocht:** Timpeallachtaí nádúrtha, sléibhte, lochanna na hÉireann
Portaigh
- \ **Eolaíocht:** An aimsir, scamail, báisteach
- \ **Ealaín:** Dath agus toin, meascadh dathanna
Montáis a dhéanamh, pictiúr den radharc le / péint / cailc
- \ **Matamaitic:** Fad agus peirspictíocht

Acmhainní ar líne

- \ The Irish Story, Paul Henry in Achill
<http://www.theirishstory.com/2010/11/05/paul-henry-in-achill/#.XKdP0ZhKizc>
- \ AchillTourism.com, A brief history of Achill
<https://achilltourism.com/history/>



Breathnaigh & Freagair

- \ Céard air a smaoiníonn tú nuair a fhéachann tú ar an saothar eálaine seo ar dtús?
- \ An bhfuil rud éigin a thaitníonn/nach dtaitníonn leat faoi?
- \ Céard atá ar taispeáint sa phictiúr seo? Céard a fheiceann tusa?
- \ Céard atá ag tarlú, dar leat?
- \ An bhfuil scéal á insint aige?
- \ Céard air a raibh an t-ealaíontóir ag smaoineamh, dar leat, nuair a chruthaigh sé an píosa ealaíne seo?
- \ Cé atá sa phictiúr? Cé mhéad duine a fheiceann tú?
- \ Céard atá ar siúl acu, dar leat?
- \ Céard is féidir leat a rá faoi na daoine ón bpictiúr?
- \ Cé hé an duine a bhfuil an maide siúil aige, dar leat? Cén fáth go ndeir tú é sin?
- \ Céard eile a fheiceann tú sa phictiúr?
- \ An bhfuil foirgnimh sa phictiúr? Cén sórt foirgnimh iad?
- \ Céard é téama an tsaothair ealaíne, dar leat?
- \ Cén fáth gur roghnaigh an t-ealaíontóir an radharc seo, dar leat?
- \ Cén áit/cén tír ina bhfuil an radharc seo? Cén fáth a ndeir tú é seo?
- \ Cathain a péinteáileadh an pictiúr, dar leat? An bhfuil aon leideanna sa phictiúr a chuireann seo in iúl?
- \ Céard iad na mionsonraí a fheiceann tú sa phictiúr?
- \ Cén fáth ar roghnaigh an t-ealaíontóir na dathanna seo, dar leat?
- \ An gcruthaíonn siad mothú ar leith sa phictiúr?
- \ Cén teideal/ainm a chuirfeá ar an bpíosa ealaíne seo? Cén fáth?
- \ Féach ar an teideal a chuir an t-ealaíontóir air. An gceapann tú gur teideal maith é seo? Cén fáth?

Seán Keating (1889–1977),

Night's Candles are Burnt Out, 1929

Bailiúchán Ghailearaí Oldham

© The Estate of Sean Keating / IVARO, Baile Átha Cliath 2019.

Grianghraf © Gailearaí Náisiúnta na hÉireann.

Plean Ceachta: Nuálaíocht

Béarla: Naíonáin Shóisearacha - 6ú Rang

Snáithe: Muinín agus Inniúlacht Teanga

Snáithaonad: Forbairt inniúlachta agus Muiníne sa teanga labhartha

Cuspóirí Foghlama

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste:

- \\ breathnú agus freagairt do shaothar ealaíne ag baint úsáid as na ceisteanna sa cheacht seo
- \\ comhthéacs an phictiúir a aithint agus a phlé
- \\ tuairimí agus smaointe a chur in iúl faoin bpictiúr
- \\ smaointe agus coincheapa a imscrúdú trí chaint, plé teoraithe agus scríbhneoireacht
- \\ iniúchadh a dhéanamh ar theacht an leictreachais in Éirinn agus an dóigh ar athraigh sé sin saol daoine in Éirinn
- \\ cruthaigh postaer ag déanamh fógraíochta ar leictreachas
- \\ an postaer fógraíochta a chur ar taispeántas agus a phlé

Acmhainní de dhíth

- \\ Páipéar
- \\ Pinn luaidhe
- \\ Dathanna

Réamhrá

- \\ Breathnaigh agus freagair don phictiúr ag úsáid na gceisteanna atá ina theannta
- \\ Pléigh an rud a shíleann siad atá ar siúl leis an rang
- \\ Pléigh Scéim Hidrileictreach na Sionainne agus an tionchar a bhí aige sin ar an saol in Éirinn

Príomhghníomhaíocht

- \\ I mbeirteanna nó i ngrúpai beaga, dear agus tarraing postaer ag déanamh fógraíochta ar leictreachas do mhuintir na hÉireann.
- \\ Luaigh an chúis ar cheart do dhaoine leictreachas a úsáid agus an chaoi a bhfeabhsódh sé a saol
- \\ Cuir na nithe seo a leanas san áireamh: ceanneideal, sluán mealltach, ainm comhlachta, céard a gheobhaidh an ceannaitheoir agus an costas a bheidh air

Conclúid & Measúnú

- \\ Na páistí ag cur a bpostair i láthair an ranga
- \\ Deis ag an rang ceisteanna a chur ar na láithreoirí faoina dtáirge
- \\ Postair ar taispeántas ionas go bhfeicfidh gach duine iad agus go mbeidh deis acu iad a léamh

Breathnóireacht neamhfhoirmeálta an mhúinteora roimh, le linn agus i ndiaidh na gníomhaíochta, ag díriú ar:

- \\ Na Freagraí ar na ceisteanna a chuir an múinteoir faoin spreagadh
- \\ Cur i gcrích na gníomhaíochta
- \\ Muinín in úsáid a gcuid smaointe pearsanta
- \\ Ag cur síos ar a saothar féin
- \\ Saothar na bpáistí a chur ar taispeántas

Gníomhaíochtaí Breise

- \\ **Eolaíocht:** Fuinneamh in-athnuaite (www.seai.ie)
Cruthaigh solas ciorcaid iata simplí
Fórsaí – scrúdaigh córais dambaí, dear do dhamba féin
- \\ **Stair:** Stair Scéim Hidrileictreach na Sionainne, cén chaoi a raibh an saol roimh theacht an leictreachais
Éadaí sna 1920idí, córas iompair sna 1920idí
- \\ **Béarla:** Scríobh an comhrá a bheadh ag na daoine sa phictiúr
- \\ **Drámaíocht:** Déan dráma den radharc
- \\ **Ealaín:** An úsáid a baineadh as dathanna (donna agus dearg) agus uigeacht sna héadaí agus sa chloch
- \\ **Matamaitic:** Tomhais, meáchan, spás

Acmhainní ar líne

- \\ Artifa, Night Candles are Burnt Out: <https://aritfa.wordpress.com/2012/08/09/night-candles-are-burntout-sean-keating-5/>
- \\ The Irish Times, Turning the infant State electric
<https://www.irishtimes.com/news/turning-the-infant-state-electric-1.1138242>
- \\ Keating, Siemens & the Shannon Scheme
<https://www.historyireland.com/20th-century-contemporary-history/keating-siemens-the-shannon-scheme/>
- \\ Wikipedia, Scéim Hidrileictreach na Sionainne (Shannon Hydroelectric Scheme)
https://en.wikipedia.org/wiki/Shannon_hydroelectric_scheme
- \\ Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, do Mhúinteoirí (SEAI): <https://www.seai.ie/teaching-sustainability/primary-school/resources-for-teachers/>
- \\ Ask About Ireland, Eco Detectives, environmental and climate change investigations for primary schools Fiosrúchán Athrú Comhshaoil agus Aeráide
<http://askaboutireland.ie/learning-zone/primary-students/infants/environment/teachers-resources-eco-de/index.xml>